C/2023/1604

20.12.2023

Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH)

(Foilsiú theidil agus thagairtí na gcaighdeán Eorpach faoi iontráil 27 (nicil) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le REACH)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1604)

An Eagraíocht Eorpach um Chaigh-deánú (ESO)	Tagairt agus teideal an chaighdeáin	Tagairt an chaighdeáin ar glacadh a áit
An Coiste Eorpach um Chaigh-deánú (CEN)	EN 1811:2023 Modh tástála tagartha maidir le scaoileadh nicile as nithe a cóimeáladh agus atá le cur isteach i mbaill phollta de chorp an duine agus as earraí atá ceaptha a bheith i dteagmháil dhíreach leis an gcraiceann thar thréimhse fhada	EN 1811:2011+A1:2015
CEN	EN 12472:2020 Modh maidir le hionsamhlú caitheamh agus creimeadh luathaithe chun scaoileadh nicile as ítimí brataithe a bhrath	EN 12472:2005+A1:2009
An Coiste Eorpach um Chaigh-deánú (CEN)	EN 16128:2015 Optaic oftalmach – Modh tagartha maidir le frámaí spéaclaí agus spéaclaí gréine a thástáil i ndáil le scaoileadh nicile	EN 16128:2011

ESO: An eagraíocht Eorpach um chaighdeánú:
— CEN: www.cencenelec.eu
— Cenelec: www.cencenelec.eu
— ETSI: www.etsi.org

Fhaisnéis maidir le hinfhaighteacht na gcaighdeán, is féidir í a fháil ó na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú nó ó na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú, comhlachtaí ar foilsíodh an liosta díobh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 [1].

Glacann na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin i mBéarla (foilsíonn CEN agus Cenelec i bhFraincis agus i nGearmáinis). Ina dhiaidh sin, déantar teidil na gcaighdeán a aistriú go gach teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a éilíonn na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú. Níl an Coimisiún Eorpach freagrach as cruinneas na dteideal a cuireadh i láthair le foilsiú san Iris Oifigiúil.

Ní thugann foilsiú na dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le fios go bhfuil na caighdeáin ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Tá tuilleadh faisnéise faoi chaighdeáin chomhchuibhithe agus faoi chaighdeáin Eorpacha eile ar fáil ag https://single-market-economy.ec.europa.eu/single-market/european-standards/harmonised-standards_ga

[1] IO C 338, 27.9.2014, lch. 31.